# Rúibric Shamplach do Chruinneas Gaeilge

| Úsáid | Ar fheabhas/A/H1/H2 | An-mhaith B/H3/H4 | Go Maith C/H5/ H6 | Lag D/ H7 |
|---|---|---|---|---|
| Briathar<br>*CÓD Br* | D'úsáid mé rogha leathan briathar, an chopail 'Is' san áireamh agus bhí na briathra cruinn ó thaobh aimsire agus pearsa de. | D'úsáid mé rogha briathar agus bhí na briathra réasúnta cruinn ó thaobh aimsire agus pearsa de. | D'úsáid mé na bun briathra agus bhí na bun aimsirí agam ach le corr-bhotún litrithe ann. | Níor úsáid mé mórán briathar agus níor úsáid mé na bun aimsirí i gceart. |
| Ainmfhocail agus Aidiachtaí<br>*CÓD*<br>*A+ A*<br>*Fir/Bain*<br>*U/I* | D'úsáid mé réimse leathan ainmfhocal agus aidiachtaí in oiriúint don ábhar. Léirigh mé tuiscint ar inscne na n-ainmfhocal agus réitigh na haidiachtaí leis na hainmfhocail. | Léirigh mé tuiscint mhaith ar inscne ainmfhocal a léiriú. Bhí roinnt mhaith aidiachtaí ag aontú leis an ainmfhocal. | D'úsáid mé ainmfhocail san uimhir uatha agus iolra agus aidiachtaí ach níor léirigh mé tuiscint ar inscne nó ar aontú idir ainmfhocal agus aidiacht. | Níor thaispeáin mé tuiscint ar inscne ainmfhocail, uimhir uatha nó iolra agus níor úsáid mé aidiachtaí. |
| Tuiseal Ginideach<br>*TGin1-5* | Tuigim na rialacha go léir a bhaineann leis an T.Gin agus cuirim iad i bhfeidhm. | Tuigim roinnt de na rialacha a bhaineann leis an T.Gin ach spás le feabhas a chur orthu. | Léirigh mé bunthuiscint ar an T.Gin in áiteanna. | Níor úsáid mé an T.Gin nó níor léirigh mé tuiscint ar an T.Gin |
| Na réamhfhocail agus an T.Tabharthach<br>*CÓD*<br>*Rfh*<br>*TT* | Úsáidim na réamhfhocail agus na forainmneacha réamhfhoclacha i gceart ag cur séimhiú nó úrú isteach nuair is gá. Léirigh mé tuiscint ar na heisceachtaí chomh maith. | Bainim úsáid mhaith as na réamhfhocail agus as na forainmneacha réamhfhoclacha ach botún nó dhó á dhéanamh. | D'úsáid mé réamhfhocail ach uaireanta ní raibh siad i gceart don chomhthéacs. Bhí roinnt ainmneacha réamhfhoclacha measctha suas agam nó níor úsáid mé an fhoirm tháite. | Níor léirigh nó níor úsáid mé na réamhfhocail/ forainmneacha réamhfhoclacha i gceart. |
| Aidiacht Shealbhach<br>*CÓD*<br>*AS* | Úsáidim an aidiacht shealbhach i gceart ag cur séimhiú nó úrú isteach nuair is ceart. | Bainim úsáid mhaith as an aidiacht shealbhach ach déanaim botúin in abairtí casta ó am go chéile. | D'úsáid mé an aidiacht shealbhach sa chéad agus sa tríú pearsa. Níor léirigh mé tuiscint ar a húsáid in aon phearsa eile. | Níor úsáid mé ach 'mo' i gceart. Níor léirigh mé mórán tuisceana ar úsáid eile den aidiacht shealbhach |
| Comhréir<br>*CÓD*<br>*CR* | Tá struchtúr na h-abairte cruinn agam. | Tá struchtúir na h-abairte réasúnta maith agam. | Tá bunord na bhfocal go maith agam ach roinnt abairtí casta míchruinn agam. | Níor scríobh mé abairtí iomlána nó ní raibh ord na bhfocall i gceart agam. |

Cód Samplach

| Giorrúcháin | Míniú |
|---|---|
| Br | Briathar |
| L | Litriú |
| Fir/Bain | Firinscneach/Baininscneach |
| Str | Struchtúr abairte |
| R/fh | Réamhfhocal |

Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí